

TUARASCÁIL FAIREACHAIS

Faireachas VEID/SEIF san Eoraip 2011 Achoimre

I 2011, thuairiscigh tíortha an AE/LEE 28 038 diagnóis VEID, arb ionann sin agus ráta 5.7 in aghaidh daonra 100 000. Ba iad na ceithre thír a raibh na rátaí ab airde diagnóise VEID acu i 2011 an Eastóin (27.3), an Laitvia (13.4), an Bheilg (10.7) agus an Ríocht Aontaithe (10.0). Bhí an ráta is ísle á thuairisciú ag Poblacht na Seice (1.5) agus ag an tSlóvaic (0.9). Ó thús na heipidéime VEID, táthar tar éis 420 564 diagnóis VEID a thuairisciú san AE/LEE, as sin bhain 297 388 le fir agus bhain 119 977 le mná (bhí 3199 cás nach raibh faisnéis inscne ar fáil ina leith).

Tuairiscíodh an céatadán is airde de dhiagnóis VEID de bharr gnéas idir fhir (39%), á leanúint ina dhiaidh sin ag tarchur heitrihnéasaigh (23%) nuair a eisíodh cásanna um gnóthú ar bhonn heitrihnéasaigh de bhunús thíortha na hAfraice fo-Shahárach. Sheas an ceann deireanach le haghaidh 13% breise de chásanna tarchurtha go heitrihnéasach. Maidir le 19% de na cásanna, ba anaithnid an modh tarchurtha.

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an ráta diagnóise VEID in aghaidh daonra 100 000 fanta sách cobhsaí thar am, le ráta 6.5 in aghaidh 100 000 i 2004 (27 996 cás) agus 6.2 in aghaidh 100 000 (30 960 cás) i 2011 nuair a choigeartaítear é don mhoill i dtuairisciú. Léiríonn treochtaí de réir modh tarchurtha go bhfuil an líon diagnóise VEID i measc na bhfear a mbíonn gnéas acu le fir (MSM) méadaithe faoi 33% ó 2004 i leith. I gcodarsnacht, tá líon na gcásanna ina measc siúd a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh (IDU) laghdaithe faoi 40%, cé gur chonacthas méadú beag i 2011 de bharr ráigeanna sa Ghréig agus sa Rómáin. Tá líon diagnóise VEID de bharr tarchur heitrihnéasaigh, tarchur ó mháthair go leanbh agus fuilistriú tar éis laghdú ar bhonn leanúnach idir 2004 agus 2011.

I 2011, bhí faisnéis i ndáil le háirimh fhuilcheall CD4 ag tráth diagnóise ar fáil ó 21 tír le haghaidh 15 625 cás (56% de líon iomlán na gcásanna a tuairiscíodh i 2011). Ina measc sin, tuairiscíodh leath díobh (49%) mar chásanna um léiriú déanach (áireamh fuilcheall CD4 <350/mm³), lena n-áirítear 29% de chásanna le hionfhabhtú aibithe VEID (CD4 <200/mm³). Bhí cion na gcásanna um léiriú déanach ag an leibhéal is airde i measc na gcásanna gnóthaithe ar bhonn heitrihnéasaigh de bhunús thíortha na hAfraice fo-Shahárach (63%)

agus i measc IDU (48%). Chonacthas an cion is ísle de chásanna um léiriú déanach in MSM (38%) agus i gcásanna um tharchur ó mháthair go leanbh (21%).

I 2011, bhí 4424 cás SEIF diagnóisithe agus tuairiscithe ag 28 tír AE/LEE (ní raibh aon sonraí ar fáil ón tSualainn nó ó Lichtinstéin), arb ionann sin agus ráta 0.9 cás in aghaidh daonra 100 000. Bhí na rátaí ab airde á dtuairisciú ag an Laitvia (4.8), ag an bPortaingéil (2.8), ag an Spáinn (1.8) agus ag an Eastóin (2.8). San AE/LEE tá líon na gcásanna SEIF tar éis meathlú go comhsheasmhach ó lár na 1990í.

Conclúidí

Léiríonn torthaí faireachais nua go bhfuil an líon daoine ag maireachtáil le VEID san Eoraip ag méadú agus go bhfuil VEID cuimsithe go mór i measc na bpríomhdhaonraí, cosúil le fir a mbíonn gnéas acu le fir, iad siúd a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh, agus iad siúd ar ó thíortha ard-eipidéime ó dhúchas iad, an Afraic fho-Shahárach ach go háirithe. Léirigh an méadú VEID is déanaí i measc IDU gur féidir le fiú líon íseal den ghalar san AE/LEE éabhlóidiú go gasta chuig ráig nuair nach leor idirghabhálacha na sláinte poiblí.

Léiríonn cion sách ard na diagnóise déanaí i go leor tíortha moill i dtástáil VEID agus tá go leor daoine incháilithe cheana féin le haghaidh cóireála nuair a chuirtear diagnóis orthu. Tá infhaighteacht fhairsing na cóireála tar éis cuspóirí an faireachais VEID a leathnú ionas go gcumhdaítear monatóireacht na rochtana ar chúram agus ar chóir leighis. Tá rochtain fheabhsaithe ar chóireáil agus luaththionscnamh na cóireála, go háirithe i gcás na bpríomhdhaonraí, de dhíth ar fud na hEorpa.

Ní mór go mbeadh idirghabhálacha chun an eipidéim a rialú bunaithe ar fhianaise agus iad oiriúnaithe don eipidéimeolaíocht náisiúnta agus áitiúil. Is féidir na nithe seo a leanas a bhaint de thátaí as na sonraí faireachais arna gcur i láthair sa tuarascáil:

- I gcás formhór na dtíortha san AE/LEE, tá idirghabhálacha chun VEID a chosc agus a rialú i measc MSM mar chlocha coirnéil na freagartha VEID. Lena chois sin, toisc gur tuairiscíodh níos mó ná aon trian de chásanna VEID gnóthaithe ar bhonn heitirighnéasaigh i measc daoine de bhunús tíortha ard-eipidéime (ón Afraic fho-Shahárach ach go háirithe), ní mór do thíortha a chinntiú go bhfuil idirghabhálacha i ndáil le cosc, cóir leighis agus cúram inrochtana do na pobail imirceach seo. Léiríonn an méadú a chonacthas i líon na gcásanna VEID ina measc siúd a bhaineann mí-úsáid as drugaí trí instealladh i roinnt tíortha* an gá atá le cothabáil nó treisiú um laghdú dochair san AE/LEE.
- Ar fud na hEorpa, ní mór seirbhísí comhairleoireachta agus tástála VEID a chur chun cinn agus a bheith inrochtana chun diagnóis luath agus tionscnamh tráthúil i leith cóireáil agus cúram VEID a chinntiú. Mar thoradh soláthrófar torthaí cóireála feabhsaithe agus buntáistí cliniciúla, mar aon le cur le cosa nó breis laghdaithe an tarchuir VEID. Ba cheart go gcinnteofaí rochtain chothrom ar chosc, ar thástáil, ar chóireáil agus ar chúram VEID i measc na ngrúpaí daonra uile ionas gur féidir le tíortha an sprioc domhanda eadhon Rochtain Uilechoiteann† a bhaint amach dóibh siúd uile i ngátar.

* Pharris A, Wiessing L, Sfetcu O, Hedrich D, Botescu A, Fotiou A, et al. Human immunodeficiency virus in injecting drug users in Europe following a reported increase of cases in Greece and Romania, 2011. Euro Surveill. 2011;16(48):pii=20032. Ar fáil ar líne: <http://www.eurosurveillance.org/ViewArticle.aspx?ArticleId=20032>

† Dearbhú Polaitiúil ar VEID/SEIF – Rún um Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 60/262. Nua-Eabhrac, Na Náisiúin Aontaithe, 2006.